**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar scrúdaithe seo a chur ar ais le do leabha(i)r freagraí ag deireadh an scrúdaithe. Mura ndéantar é seo caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo** [ ]

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

# SCRÚDÚ Na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

# GNÓ - ARDLEIBHÉAL

**(400 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 A.M. – 12.00 MEÁNLAE**

## FREAGAIR

**(A)** **Ocht gceist as Roinn 1 agus**

**(B)** **An Cheist ar Ghnó Feidhmeach i Roinn 2 agus**

**(C)** **Ceithre cheist as Roinn 3 mar a leanas:**

**Ceist amháin as Cuid 1 agus**

**Dhá cheist as Cuid 2 agus**

**Ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2**

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

**Tabhair faoi deara dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**NÍ MÓR DUIT AN PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHA(I)R FREAGRAÍ**

## AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2002

## Gnó - Ardleibhéal

## ROINN 1 – CEISTEANNA FREAGRAÍ GEARRA
**(80 marc)**

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair 8 gceist. Tá 10 marc ag dul do gach ceist. Cuir an páipéar scrúdaithe seo ar ais le do thoil in éineacht le do leabha(i)r freagraí**

**1.** Cad is eadráin ann?

**2.** Ainmnigh na trí chineál tionscail agus luaigh sampla de gach cineál ar leith.

**3.** Déan idirdhealú idir 'Brabús Comhlán' agus 'Pá Comhlán'.

**(i)**

**(ii)**

**4.** Dréachtaigh Réise Rialúcháin tipiciúil do do rogha eagraíochta.

| |
|---|
| |

**5.** Críochnaigh an abairt seo: Cabhraíonn DLM (EDI) le gnólacht chun ____________.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**6.** Tá liosta téarmaí gnó i gColún 1. Tá liosta míniúchán a d'fhéadfaí a thabhairt ar na téarmaí seo i gColún 2. Meaitseáil an dá liosta tríd an litir a ghabhann leis an míniúchán ceart a chur taobh leis an uimhir chuí thíos. Tá míniúchán amháin gan meaitseáil.

| Colún 1: Téarmaí | Colún 2: Míniúcháin |
|---|---|
| 1. Fiontraíocht | (a) Córas leanúnach d'fheabhsú cáilíochta maidir le gach leibhéal in eagraíocht. |
| 2. Cumasú | (b) An chuid sin de scaireanna eisithe cuideachta atá i seilbh na ndaoine is mó a ghlacann an riosca agus atá i dteideal na mbrabús dá réir sin. |
| 3. Post Leictreonach | (c) Seoladh teachtaireachtaí scríofa gan mórán costais trí líonra Teicneolaíochta Eolais agus Cumarsáide. |
| 4. Caipiteal Cothromais | (d) An cumas chun deiseanna de gach sórt a lorg agus an toil chun dul san fhiontar chun teacht i dtír orthu. |
| 5. Ráta Malairte | (e) An chinnteoireacht, an rialúchán agus an fhreagaracht a chur ar na hoibrithe in eagraíocht. |
| | (f) Praghas airgeadra i dtír amháin i dtéarmaí phraghas airgeadra i dtír eile. |

| 1 | | 2 | | 3 | | 4 | | 5 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

**7.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? Scríobh gach freagra ina iomláine sa spás thíos.

CBT (CAP) ______________________________

CPT (PLC) ______________________________

AE (EU) ______________________________

TAI (ROI) ______________________________

OCP (PRO) ______________________________

**8.** Rianaigh an tuiscint atá agat ar an téarma 'Breithmheas Feidhmithe'.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**9.** Sainmhínigh Dírialú

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**10.** Bain úsáid as formáid oiriúnach chun meamram (memo) a dhréachtadh chuig na Stiúrthóirí go léir ag fógairt C.G.B. (A.G.M.) ag Cuideachta Theoranta Phríobháideach.

**NÍ MÓR DUIT AN PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHA(I)R FREAGRAÍ**

# ROINN 2
**(80 marc)**

**Ceist éigeantach is ea í seo.**

# Ceist ar Ghnó Fheidhmeach

**Inell Teo.**

Tá branda Inell bunaithe go maith agus meas ag lucht talmhaíochta air mar bhranda ardchaighdeáin do threalamh feirme. Tá fás maith ar an ngnólacht in Éirinn ón uair a chuir beirt deartháireacha, Mícheál agus Pádraig Ó Murchú, ar bun é fiche bliain ó shin. Chruinnigh an bheirt acu mar fhostaithe na daoine ab fhearr cáilithe go teicniúil agus féith na fiontraíochta iontu, ag gach céim d'fhorbairt an ghnó. Chreid siad gur chóir na fostaithe a chumasú agus gach deis a thabhairt dóibh iad féin a chruthú.

Tá go leor moltaí curtha ar aghaidh ag na cruinnithe bainistíochta míosúla maidir le leathnú an ghnó. Ní hamháin gur pléadh leathnú ar an margadh baile ach leathnú amach sna margaí Eorpacha agus domhanda le táirgí nua agus seantáirgí athchóirithe. Braitheann Micheál go bhfuil na rioscaí ró-ard, agus go bhféadfadh caillteanais teacht dá mbarr, ach braitheann Pádraig gur gá don ghnólacht fás san fhadtréimhse chun go mairfeadh sé sa todhchaí.

Tá an teicneolaíocht ag éirí seanchaite in dhá cheann de na trí mhonarcha déantúsaíochta in Éirinn, agus beidh sí i ngátar a hathnuachana le trealamh nua-aimseartha gan ró-mhoill. Níl sí ag teacht le caighdeáin comhshaoil an lae inniu. Tharla roinnt miontimpistí sna monarchana agus dá dheasca sin, cáineadh an chuideachta sna nuachtáin agus cuireadh neamhaird ar chúrsaí timpeallachta ina leith. Aithníonn an bheirt bhunaitheoirí ag bhfuil freagrachtaí orthu ní hamháin i leith a gcuid scairshealbhóirí agus a gcuid fostaithe, ach i leith a gcuid custaiméirí agus an phobail go ginearálta.

**(A)** Déan anailís ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na bhfostaithe i reachtáil Inell Teo. Bíodh tagairt agat don ról lárnach ag an Rannóg Acmhainní Daonna sa phróiseas. (30 marc)

**(B)** Pléigh dhá straitéis a d'fhéadfadh Inell Teo a úsáid chun an gnólacht a leathnú go sásúil. Glac le pé tuiscintí a mheasann tú a bheith riachtanach agus na sonraí thuas ar eolas agat. (30 marc)

**(C)** Agus úsáid á baint agat as ceannteidil oiriúnacha gnó mar mhúnla machnaimh agat, déan cur síos ar na modhanna a d'fhéadfadh Inell Teo. a úsáid chun an gnólacht a dhíriú níos fearr ar fhreagrachtaí sóisialta. Bíodh tagairt agat don téacs thuas i do fhreagra. (20 marc)

**(80 marc)**

# ROINN 3
**(240 marc)**

**Freagair ceithre cheist as Roinn 3 mar a leanas:**
**Freagair ceist amháin as Cuid 1, dhá cheist as Cuid 2 agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

# Cuid 1
# Daoine i nGnó/ Timpeallacht Ghnó

**Daoine i nGnó**

### Ceist 1

**(A)** Rianaigh an ról atá ag beirt pháirtithe ar bith a bhfuil gnó ar siúl acu. (10 marc)

**(B)** Déan cur síos, agus samplaí á lua agat, ar chaidreamh amháin comhoibritheach agus caidreamh amháin iomaíoch a d'fhéadfadh a bheith idir eagraíochtaí nó laistigh díobh. (20 marc)

**(C)** Déan measúnú ar an gcaoi a phléann
- An Coimisiún um Chaidreamh Saothair
  agus
- An Chúirt Oibreachais (30 marc)

le haighnis thionsclaíocha, faoi théarmaí an Achta um Chaidreamh Tionsclaíochta (1990)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta**

### Ceist 2

*Ní fheidhmíonn gníomhaíochtaí gnó beag beann ar an saol. Tá sé tábhachtach tuiscint a beith ag duine ar an imoibriú idir cineálacha éagsúla eagraíochtaí gnó, an caidreamh atá acu leis an bpobal áitiúil, agus ról an rialtais agus an sochaí.*

**(A)** Déan comparáid idir cuideachtaí trasnáisiúnta agus cuideachtaí faoi úinéireacht stáit mar chineálacha Eagraíochtaí Gnó in Éirinn. (30 marc)

**(B)** **(i)** Sainmhínigh cleachtas Eiticiúil Gnó (Eitic Ghnó).
**(ii)** Mínigh agus sampla á lua agat nuair is cuí tionchar ghníomhaíocht ghnó ar fhorbairt an gheilleagair in Éirinn. (30 marc)

**(60 marc)**

## Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta

### Ceist 3

*Aithnítear go bhfuil Éire na linne seo, mar gheilleagar oscailte, go mór faoi thionchar na timpeallachta trádála idirnáisiúnta. Tá cuid mhór foghlamtha ag lucht gnó in Éirinn trí staidéar a dhéanamh ar na hathruithe sa gheilleagar idirnáisiúnta agus iad féin a chur in oiriúint do na hathruithe sin agus a n-éifeacht ar chúrsaí gnó in Éirinn.*

**(A)** Déan breithmheas ar thábhacht na trádála idirnáisiúnta do Gheilleagar na hÉireann. Bíodh tagairt sa fhreagra agat do na deiseanna agus do na dúshláin atá roimh lucht Ghnó in Éirinn de thoradh trádáil idirnáisiúnta a bheith ar siúl acu. (40 marc)

**(B)** Mínigh an ról atá ag margaíocht dhomhanda a dhéantar ar tháirgí agus ar sheirbhísí sa ghnó idirnáisúnta. Bíodh samplaí oiriúnacha agat mar léiriú ar do fhreagra. (20 marc)

**(60 marc)**

**NÍ MÓR DUIT AN PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LEIS DO LEABHA(I)R FREAGRAÍ**

# ROINN 3
## Cuid 2
## Fiontraíocht

**Bainistíocht**

**Ceist 4**

**(A)** Dréachtaigh tuarascáil chuig an Bainisteoir Stiúrtha ar chuideachta theoranta ag míniú na ceithre phríomhbhac ar chumarsáid éifeachtach sa ghnólacht.
Glac le tuiscintí áirithe de réir mar a oireann. (20 marc)

**(B)** Rianaigh an tábhacht a bhaineann le scileanna bainistíochta i réimse amháin díobh seo:

**(i)** Sa bhaile
**(ii)** An pobal áitiúil
**(iii)** Roinn Rialtais
**(iv)** Bunú fiontair nua. (20 marc)

**(C)** *"Is é an t-eagrúchán an ghníomhaíocht bainistíochta is tábhachtaí."*
An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Bíodh dhá chúis agus samplaí agat mar thaca le do fhreagra. (20 marc)

**(60 marc)**

**Bainistíocht**

**Ceist 5**

**(A)** Rianaigh dhá ghníomhaíocht atá comónta **agus** dhá ghníomhaíocht atá éagsúil nuair atá gnó á bhainistiú ag duine seachas teaghlach á bhainistiú aige. (20 marc)

**(B)** Mínigh trí phrionsabal tábhachtach i gcúrsaí Árachais (20 marc)

**(C)** Tá Réamhaisnéis Shreabhadh Airgeadais do Troscán Gairdíní Éireann leagtha amach thíos:

| | Iúil | Lúnasa | M.Fómhair | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Fáltais | 16,000 | 15,750 | 14,850 | 46,600 |
| Íocaíochtaí | 28,000 | 13,000 | 24,500 | 65,500 |
| Airgead tirim glan | (12,000) | 2,750 | (9,650) | (18,900) |
| Airgead tirim tosaigh | 8,500 | (3,500) | (750) | 8,500 |
| Airgead tirim deiridh | (3,500) | (750) | (10,400) | (10,400) |

**(i)** Rianaigh dhá chúis ar ullmhaigh Troscán Gairdíní Éireann an Réamhaisnéis Shreabhadh Airgeadais thuas.
**(ii)** Déan anailís ar an Réamhaisnéis Shreabhadh Airgeadais. Maidir le dhá fhadhb a thuigtear duitse a bheith ag an ngnólacht, tabhair míniú orthu agus mol réiteach orthu. (20 marc)

**(60 marc)**

## Gnó i nGníomh

### Ceist 6

*Tá Micheál Ó Ceallaigh naoi mbliana is fiche d'aois agus is céimí é san innealtóireacht. Ó bronnadh an chéim air, tá sé ag obair sa réimse Taighde agus Forbartha i gCuideachta mhór thrasnáisiúmta. Tá fonn air dul ag obair dó féin, agus braitheann sé gur anois an t-am chun gnólacht dá chuid fein a bhunú ina bhaile dúchais chun páirteanna leictreonacha a tháirgeadh i gcomhair fearas tí. Tá do chúnamh á lorg aige chun a phlean gnó a scríobh.*

**(A)** Mínigh an tábhacht a bhaineann le Plean Gnó. (20 marc)

**(B)** Dréachtaigh Plean Gnó d'fhiontar Mhichíl Uí Cheallaigh faoi chúig cheannteideal chuí Glac le tuiscintí áirithe de réir mar a oireann. (40 marc)

**(60 marc)**

## Gnó i nGníomh

### Ceist 7

**(A)** Céim lárnach i straitéis margaíochta is ea taighde margaíochta a chur i gcrích.

Rianaigh an chaoi ar féidir taighde margaíochta sásúil a chur i gcrích trí
**(i)** Staidéir allamuigh
**(ii)** Staidéir deisce. (20 marc)

**(B)** Rianaigh na cúiseanna a rachadh rannóg margaíochta i mbun deighilt mhargaidh. (10 marc)

**(C)** Tabhair breithmheas ar thrí mhodh chun do rogha táirge nó seirbhíse a chur ar aghaidh. (30 marc)

**(60 marc)**

**NÍ MÓR DUIT AN PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHA(I)R FREAGRAÍ**